# Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Comhphobail (Clár Áitiúil 21) 2019
# Foirm Iarratais

*Léigh na NÓTAÍ agus na CRITÉIR MHEASÚNAITHE a ghabhann leis an bhfoirm iarratais (ag deireadh na foirme) nuair a bheidh tú á comhlánú lena chinntiú go bhfuil do thionscadal oiriúnach le haghaidh maoiniú deontais agus go bhfuil na ceanglais riachtanacha á gcomhlíonadh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an fhoirm seo agus aon chomhfhreagras ina dhiaidh sin a scaoileadh de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol).

## 1. Sonraí an Iarratasóra

Ainm na hEagraíochta (mar atá sé ar an Deimhniú Imréitigh Cánach nó Uimhir Thagartha Cánach):

Comhordaitheoir an Tionscadail:

Uimhir Theagmhála:

Seoladh:

Seoladh Ríomhphoist:

Dáta Tosaithe an Tionscadail:

An Dáta a Mheastar a dTabharfar an Tionscadal chun Críche
*(ní mór a bheith tugtha chun críche faoin 31 Lúnasa 2020)*

## 2. Teideal an Tionscadail

## 3. Cuspóir an Tionscadail agus Achoimre air

(Is féidir cur síos níos mionsonraithe ar leithligh a thabhairt le cáipéisíocht tacaíochta)

## 4. Cén chuid den chomhshaol lena mbaineann an tionscadal?

(e.g. Dramhaíl, Cáilíocht an Uisce, Caighdeán an Aeir, Bithéagsúlacht, Athrú Aeráide, Inbhuanaitheacht, etc.)

Cuir cibé ceann de na catagóirí a leanas is oiriúnaí do do thionscadal in iúl ("x"):

A. Oiliúint, Oideachas agus Tionscnaimh den chineál céanna a Spreagann Feasacht e.g. Ceardlann ☐
B. Cuibhrinn agus Gairdíní Pobail/Scoile ☐
C. Limistéir Pobail a Fhorbairt , lena n-áirítear Fiadhúlra agus Bithéagsúlacht ☐
D. Deisigh, Athúsáid, Athchúrsáil ☐
E. Múiríniú agus Bailiú Báistí ☐
F. Iniúchtaí, Suirbhéanna agus Pleanáil Gníomhaíochtaí ☐
G. Eile ☐

Más 'Eile' tabhair sonraí le do thoil:

## 5. Conas mar a bheidh an pobal áitiúil níos inbhuanaithe mar thoradh ar an tionscadal seo?

## 6. Critéir Mheasúnaithe

Tabhair cuntas gairid ar an dóigh a gcomhlíonann an tionscadal atá beartaithe na critéir seo a leanas. Bainfear úsáid as na critéir seo chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail atá beartaithe agus chun cinntí a dhéanamh i dtaobh maoinithe. Tá cur síos ar liosta iomlán na gcritéar measúnaithe ar chúl na foirme.

### 6.1 Socruithe Comhpháirtíochta lena n-áirítear páirtnéirí pobail atá rannpháirteach sa tionscadal seo e.g. grúpaí Bailte Slachtmhara, scoileanna, grúpaí comhshaoil áitiúla etc.

### 6.2 Cumas chun Feasacht a Spreagadh

### 6.3 Éifeachtaí dearfacha ar an Aeráíd agus/nó ar an mBithéagsúlacht (más ann)

### 6.4 Luach ar Airgead

## 6.5 Éascaíocht Aithris a dhéanamh air

## 6.6 Indéantacht Spriocanna an Tionscadail a Bhaint Amach

## 7. Mar a dhéanfar do thionscadal a mhaoiniú

| Foinsí Maoinithe | Suim |
|---|---|
| An tsuim atá á Lorg faoin Scéim seo | € |
| Ranníocaíocht an Iarratasóra | € |
| Foinsí Eile Maoinithe (liostaigh): | € |
| | € |
| | € |
| **Maoiniú Iomlán:** | € |
| Más tionscadal ceardlann-bhunaithe é an tionscadal, tabhair cuntas ar chostas aonaid gach ceardlainne lena n-áirítear ábhar, ullmhú etc. | € |

**8. Ar chuir tú isteach ar mhaoiniú ó aon Údarás Áitiúil eile le haghaidh an Tionscadail seo?Chuir ☐ Níor Chuir ☐**

**8.1. Má d'fhreagair tú "Chuir" ar an gceist roimhe seo, cuir na húdaráis áitiúla eile ar chuir tú iarratas faoina mbráid sa tábla a leanas:**

Tabhair faoi deara: Ní féidir níos mó ná ocht n-iarratas a chur faoi bhráid na n-údarás áitiúil le haghaidh aon tionscadal amháin.

| An tÚdarás Áitiúil ar cuireadh iarratas chuige: | Suim |
|---|---|
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| **An tsuim iomlán atá á lorg le haghaidh an tionscadail seo ó gach Údarás Áitiúil:** | **€** |

**9. Ar chuir tú isteach ar mhaoiniú ó údaráis áitiúla eile le haghaidh tionscadal ar bith eile Chuir: ☐ Níor Chuir: ☐**

**9.1 Má d'fhreagair tú "chuir" ar an gceist roimhe seo, tabhair ainm an tionscadail, agus ainmneacha na n-údarás áitiúil lena ndearnadh iarratais sa tábla seo a leanas:**

Is féidir sonraí breise ar bith faoi thionscadail eile a ndearnadh iarratas ina leith tríd an scéim seo a chur ar leathanach eile.

| An tÚdarás Áitiúil ar Cuireadh Iarratas chuige: | Teideal an Tionscadail | Suim |
|---|---|---|
| | | € |
| | | € |
| | | € |
| An tsuim iomlán atá á lorg le haghaidh tionscadal eile tríd an scéim seo: | | € |

## 10. Miondealú na gCostas

| | Suim |
|---|---|
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| | € |
| **Iomlán** | € |

## 11. Údarú an Iarratasóra i ndáil le Measúnú, Iniúchadh agus Coinneáil Sonraí

- Tá na sonraí a cuireadh isteach thuas agus aon ábhar breise eile a cuireadh ar fáil mar thaca leis an iarratas seo ceart tráth dháta an tsínithe seo.
- Toilím go ndéanfaí measúnú ar m'fhoirm iarratais bunaithe ar na critéir iniata agus go bhféadfadh sé go bhfaigheadh an t-iarratas maoiniú nó nach bhfaigheadh.
- Toilím go gcoinneodh an t-údarás áitiúil cuí m'fhoirm iarratais de réir na mbeartas coinneála sonraí cuí agus GDPR.
- D'fhonn rialachas cuí a chinntiú, tuigim go bhféadfadh m'iarratas a bheith faoi réir iniúchta.

Síniú:_____________________________ Dáta:__________________________

**D'ÚSÁID AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL AMHÁIN**

Dáta a bhFuarthas an Fhoirm :_________________________

Stampa an Údaráis Áitiúil:

An Marc Foriomlán a Bronnadh:_________________________

## Nóta d'Iarratasóirí – Mar a dhéantar measúnú ar d'iarratas ar dheontas.

Bainfear leas as na critéir mheasúnaithe seo a leanas chun tograí incháilithe a rangú. Bunófar cinntí i leith maoiniú ar an rangú seo.

### 1. Socruithe Comhpháirtíochta

An bhfuil comhoibriú dlúth agus comhoibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla, le gnólachtaí áitiúla, le heagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna) agus le leasanna áitiúla eile san áireamh sa tionscadal atá beartaithe agat? Conas a chinnteoidh tú go mbeidh leibhéal ard spéise agus rannpháirtíochta sa tionscadal? Tabharfar rangú níos airde do thionscadail lena ngabhann tréansocruithe comhpháirtíochta agus tréan-rannpháirtíocht áitiúil.

### 2. Cumas chun Feasacht a Spreagadh

An spreagfaidh do thionscadal feasacht ar an gcomhshaol i do phobal áitiúil? An bhfuil sé oideachasúil agus an ndíríonn sé ar cheisteanna náisiúnta comhshaoil? Is dóchúla go dtabharfar rátáil níos airde do thograí má chuirtear feasacht ar an gcomhshaol i láthair don phobal i gcoitinne.

### 3. Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht

Bronnfar grád níos airde ar thionscnaimh le béim suntasach ar an aeráid nó ar an mbithéagsúlacht ach amháin i gcás go gcuireann siad dea chleachtas comhshaol cinn agus go léiríonn said réitigh praicticiúla ar na ceisteanna seo.

### 4. Luach ar airgead

Conas a chaithfear an maoiniú agus cad a bhainfear amach dá bharr? Tabharfar rátáil níos airde do thionscadail lena ngabhann sárluach ar airgead agus a bhaineann úsáid éifeachtach as acmhainní.

### 5. Éascaíocht Aithris a dhéanamh air

An dtéann an tionscadal i ngleic le saincheisteanna a bhraitear i bpobail eile agus an mbeidh réitigh ann ar féidir iad a chur chun feidhme in áiteanna eile? Tabharfar rátáil níos airde do thionscadail a léiríonn gur féidir a mhacasamhail a chur ar bun in áiteanna eile.

### 6. Indéantacht spriocanna an tionscadail a bhaint amach

An indéanta iad spriocanna an tionscadail agus conas a dhéanfar bainistiú ar an tionscadal d'fhonn na spriocanna sin a thabhairt chun críche? Ar tugadh faoi thionscadail den chineál sin san am atá thart agus ar éirigh leo? Tabharfar rátáil níos airde do thograí a léiríonn dea-bhainistiú chun cuspóirí indéanta a bhaint amach.

### 7. Struchtúr agus leagan amach an togra

Ba chóir tograí a bheith leagtha amach go maith agus aidhmeanna agus cuspóirí atá sainmhínithe go soiléir a bheith leo. Ba chóir go gcuirfeadh na tograí in iúl chomh maith mar a bheidh baint ag an bpobal áitiúil leis an tionscnamh. Ba cheart go leagfaí buiséid an tionscadail amach i gceart agus ba cheart sonraí a thabhairt faoi na socruithe i leith bhainistiú an tionscadail. Tabharfar rátáil níos airde do thograí atá leagtha amach go soiléir.

## Nóta d'Iarratasóirí – Eolas Breise lena n-áirítear Cosaint Sonraí

Tá Clár Áitiúil 21 á chómhaoiniú ag údaráis áitiúla agus ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Táimid an-dáiríre maidir leis an ról atá againn i leith Cosaint Sonraí. Dá bhrí sin, ní roinnfear an t-eolas a thugann tú dúinn le haon tríú-páirtí. Ach ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an fhoirm seo agus aon chomhfhreagras ina dhiaidh sin a scaoileadh de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol).

Coinneofar d'fhoirm iarratais ar taifead (leagan clóite agus leictreonach) ag teacht le beartas coinneála sonraí na n-údarás áitiúil agus GDPR.

**Nóta Ginearálta d'Iarratasóirí**

A. Imréiteach Cánach / Uimhir Thagartha Cánach: Ba cheart do na hiarratasóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh formheas maoinithe ag brath ar chomhlíonadh na riachtanas i leith imréiteach cánach/tagartha cánach. Ní mór do na hiarratasóirí uimhir agus ainm na n-iarratas uile ar dheontas a chuir siad faoi bhráid gach údarás áitiúil a liostú.

B. Gheobhaidh na tionscadail a cheadaítear dhá íocaíocht ar chóimhéid. Déanfar an chéad íocaíocht nuair a chuirfear tús leis an tionscadal agus íocfar an chuid eile den íocaíocht nuair a bheidh an tuarascáil chomhlánaithe curtha isteach. D'fhéadfadh go mbeadh na páirtnéirí maoinithe i dteagmháil leis an iarratasóir ar éirigh leis le linn chur i bhfeidhm an tionscadail.

C. D’fhonn a chinntiú go dtugtar tús áite sa chiste do riachtanais chomhshaoil a shainaithnítear go háitiúil, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir cur isteach ar mhaoiniú ó níos mó ná ocht n-údarás áitiúla i leith aon tionscadal amháin.

D. Níl tionscadail i dteideal maoinithe má tá maoiniú faighte cheana acu faoi scéim deontais eile e.g. Scéim Deontais in aghaidh Bruscair & Graifítí agus mar sin de.

E. Ní mór do na hiarratasóirí a chinntiú go dtabharfar faoi na tionscadail ábhartha de réir na mBeartas agus Nósanna Imeachta uile um Chosaint Leanaí atá i bhfeidhm faoi láthair i ngach údarás áitiúil. D'fhéadfadh iarratasóirí a bheith faoi réir ag nósanna imeachta grinnscrúdúcháin an Gharda Síochána - pléifidh d'údarás áitiúil sin leat.

F. Níl tionscadail tráchtála/gnó ná tionscadail le haghaidh brabúis i dteideal maoinithe.

G. **Ba chóir foirmeacha iarratais comhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an údarás áitiúil cuí faoi 5pm, an 27 Meán Fómhair 2019 ar a dhéanaí. Is fearr iarratais a chur isteach ar an ríomhphost.**